
webwise.ie

Safer Internet Day 2026 | Tuesday 10 February

# FEASACH AR IS: Sábháilte, Cliste agus i gCeannas

## Eolas don Mhúinteoir agus Script

Ceacht Iar-Bhunscoile



Co-funded by the European Union

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

DCU
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Dublin City University

# Maidir leis an lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte

Is tionscnamh ar fud an AE é Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte chun idirlíon níos sábháilte a chur chun cinn do gach úsáideoir, go háirithe daoine óga. Is é Webwise, an Clár Feasachta Oideachais um Ríomhshábháilteacht in Éirinn, a chomhordaíonn agus a chuireann Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte in Éirinn chun cinn.

Is é aidhm an lae ná iarraidh ar dhaoine óga, tuismitheoirí, múinteoirí, scoileanna, an rialtas, agus comhlachtaí teacht le chéile chun idirlíon níos sábháilte agus níos fearr a chruthú do chách, agus go háirithe do leanaí agus do dhaoine óga.

Is lá é Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte chun úsáid idirlín shábháilte agus fhreagrach a chur chun cinn, is lá é chun na bealaí ar fad ina n-úsáidimid an t-idirlíon a mheas agus conas is féidir linn an t-idirlíon a dhéanamh níos sábháilte agus níos fearr do chách, agus go háirithe do leanaí agus do dhaoine óga.

# Feasach ar IS: Sábháilte, Cliste agus i gCeannas

Pléifidh an ceacht seo ar Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte 2026, Feasach ar IS: Sábháilte, Cliste agus i gCeannas, an láithreacht mhéadaithe atá ag Intleacht Shaorga Ghiniúnach, go háirithe botaí comhrá IS, i saol na daoine óga lena n-áirítear na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leo. Spreagfar scoláirí smaoineamh go criticiúil ar an dóigh a n-idirghníomhaíonn siad le teicneolaíochtaí IS agus straitéisí a fhorbairt d'úsáid shábháilte agus chothrom. Míneoidh an cur i láthair seo cad is botaí comhrá ann, conas a oibríonn siad, na buntáistí agus na rioscaí a bhaineann leo, agus an tábhacht atá le caidrimh daonna sa ré IS.

**Forbraíodh an ceacht seo i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá buíochas ar leith ag dul don Dr Dónal Mulligan.**



webwise.ie

DCU
Ollscoil Chathair
Bhaile Átha Cliath
Dublin City University

# Treoracha do Mhúinteoirí

Sula dtugann tú ábhar Intleachta Saorga (IS) isteach sa seomra ranga, is tábhachtach go bhfuil tú muiníneach agus an-eolach ar na bunrudaí maidir le hIS agus IS Giniúnach. Seo roinnt acmhainní, treoracha, agus breithnithe úsáideacha d'oideachasóirí:

- **Treoracha mar le hIntleacht Shaorga i Scoileanna:** gov.ie/en/department-of-education/publications/guidance-on-artificial-intelligence-in-schools
- **Mol IS i Scoileanna:** Tacaíonn an Mol IS le múinteoirí agus ceannairí scoile a úsáideann IS: oidetechnologyineducation.ie/ai-hub/
- **IS agus Sábháilteacht ar Líne: Breithnithe do Scoileanna:** Léigh faoi na dúshláin agus ábhair imní do scoileanna maidir le húsáid IS: webwise.ie/ai-online-safety/ai-in-education/
- **Cúrsa ar Líne:** Tugann an cúrsa ar líne uair an chloig seo, ***IS do Scoileanna;*** tuiscint do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile ar an Intleacht Shaorga. Scrúdaíonn sé na cúinsí do scoileanna agus iad ag úsáid na hintleachta saorga chun críocha oideachais, lena n-áirítear a buntáistí féideartha, a teorainneacha agus a cúinsí eiticiúla. **Cláraigh anseo:** oidetechnologyineducation.ie/onlinecourses/ai-for-schools/
- ***Srianta Aoise d'Uirlisí IS** Tá srianadh aoise ar fhormhór na n-uirlisí IS agus athraíonn an srianadh seo ó aip go haip, ach is é 13 bliana d'aois an íosaois. Mar sin de, níor chóir do leanaí faoi bhun an riachtanais íosaoise seo na huirlisí IS seo a úsáid. Ní mór duit toiliú an tuismitheora nó an chaomhnóra dhlíthiúil a fháil sular tugadh uirlisí IS isteach sa seomra ranga. Seo liosta de na riachtanais íosaoise d'fhormhór na n-aipeanna IS a bhfuil an tóir is mó orthu. **Tabhair do d'aire go bhféadfadh athrú teacht orthu seo.**



# Treoracha do Mhúinteoirí

- Co-Pilot: 13 bliana d'aois, ní mór duit toiliú do thuismitheora nó do chaomhnóra dhlíthiúil a fháil chun na Seirbhísí a úsáid má tá tú faoi bhun 18 mbliana d'aois.
- SnapChat My AI: 13 bliana d'aois, ní mór duit toiliú do thuismitheora nó do chaomhnóra dhlíthiúil a fháil chun na Seirbhísí a úsáid má tá tú faoi bhun 18 mbliana d'aois.
- Chat GPT: 13 bliana d'aois, ní mór duit toiliú do thuismitheora nó do chaomhnóra dhlíthiúil a fháil chun na Seirbhísí a úsáid má tá tú faoi bhun 18 mbliana d'aois.
- Character AI: 16 bliana d'aois, ní cheadaítear dóibh siúd faoi bhun 16 bliana d'aois é seo a úsáid.
- Gemini: 13 bliana d'aois chun Gemini a úsáid le Cuntas Google scoile nó pearsanta agus 18 nó os a chionn chun Gemini a úsáid le cuntas oibre.
- Meta AI: 13 bliana d'aois, ní mór duit toiliú do thuismitheora nó do chaomhnóra dhlíthiúil a fháil chun na Seirbhísí a úsáid má tá tú faoi bhun 18 mbliana d'aois.

- **Cuir eolas ar IS Giniúnach:** Cuir eolas ar uirlis IS Giniúnach chun oibriú amach conas a oibríonn sí roimh an gceacht. Iarr ort féin: Cad iad na cásanna a d'fhéadfadh sí a bheith úsáideach san fhoghlaim? Cad iad na fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn?
- **Físeáin Dea-Chleachtais maidir le hIS i Scoileanna:** Léiríonn na físeáin seo samplaí ar conas a phléann scoileanna úsáid IS chun tacú le foghlaim. Féach orthu anseo.



# Torthaí Foghlama:

Faoi dheireadh an cheachta, beidh na scoláirí in ann:

- Tuiscint a fháil ar bhotaí comhrá IS agus an dóigh a n-oibríonn siad.
- Na rioscaí agus na buntáistí a bhaineann le botaí comhrá IS a úsáid a aithint.
- Gnéithe a bhaineann le dearadh bota comhrá IS agus na rioscaí agus srianta a bhaineann le hidirghníomhú leis na huirlisí sin a phlé.
- Straitéisí a fhorbairt chun uirlisí IS a úsáid go sábháilte agus go freagrach.

# Acmhainní atá ag teastáil:

- Teilgeoir agus fuaim
- Sleamhnáin PowerPoint
- Script Múinteora
- Cóipeanna de Bhileoga Oibre
- Físeán: Cad is Botaí Comhrá IS ann? https://www.youtube.com/watch?v=kmDQQzOpHRo&t=83s

# Script Iar-Bhunscoile Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte

## Script




**Am:** 1 nóiméad

**Script: Cad is Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte ann?**
Inis do scoláirí go mbeidh na milliúin duine ar fud na cruinne ag ceiliúradh Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte leo inniu, lá chun idirlíon níos sábháilte agus níos fearr a chur chun cinn do gach úsáideoir, go háirithe leanaí. Is é an Téama do Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte 'Feasach ar IS: Sábháilte, Cliste agus i gCeannas'. I mbliana do Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte, pléifimid an láithreacht mhéadaithe atá ag Intleacht Shaorga Ghiniúnach inár ndomhan, go háirithe botaí comhrá IS.


Is tionscnamh ar fud an AE é Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte chun idirlíon níos sábháilte a chur chun cinn do gach úsáideoir, go háirithe daoine óga. Is é Webwise, an Clár Feasachta Oideachais um Ríomhshábháilteacht in Éirinn, a chomhordaíonn agus a chuireann Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte in Éirinn chun cinn.

Is é aidhm an lae ná iarraidh ar dhaoine óga, tuismitheoirí, múinteoirí, scoileanna, an rialtas, agus comhlachtaí teacht le chéile chun idirlíon níos sábháilte agus níos fearr a chruthú do chách, agus go háirithe do leanaí agus do dhaoine óga.

Is lá é Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte chun úsáid idirlín shábháilte agus fhreagrach a chur chun cinn, is lá é chun na bealaí ar fad ina n-úsáidimid an t-idirlíon a mheas agus conas is féidir linn an t-idirlíon a dhéanamh níos sábháilte agus níos fearr do chách, agus go háirithe do leanaí agus do dhaoine óga.

# Script Iar-Bhunscoile Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte

## Script





**Am:** 1 nóiméad

**Script: Cad a fhoghlaimeoimid inniu**

Faoi dheireadh an cheachta, beidh tú in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tuiscint a bheith agat ar cad is botaí comhrá ann agus an dóigh a n-oibríonn siad (Áirítear le samplaí botaí comhrá IS *ChatGPT, Gemini, Copilot, Claude, MetaAI ar WhatsApp, MyAI ar Snapchat, agus neart eile).*
- Na rioscaí agus na buntáistí a bhaineann le botaí comhrá IS a úsáid a aithint.
- Gnéithe a bhaineann le dearadh bota comhrá IS agus na rioscaí agus srianta a bhaineann le hidirghníomhú leis na huirlisí sin a phlé.
- Straitéisí a fhorbairt chun uirlisí IS a úsáid go sábháilte agus go freagrach.





**Am:** 2 nóiméad

**Script: Bímis seisiún tobsmaointeoireachta againn**

*Cá háit a bhfaca tú nó ar úsáid tú bota comhrá?* Faigh aiseolas ó scoláirí.

# Script Iar-Bhunscoile Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte

## Script




**Am:** 2 nóiméad

**Script: Cad is bota comhrá IS ann?**
Mínigh gur cineál Intleachta Saorga Giniúnaí (IS Giniúnach) é bota comhrá atá in ann labhairt le daoine mar a bheadh fíorchomhrá ann. Úsáideann sé rud éigin ar a dtugtar Samhail Teanga Mhór (STM), is córas é seo atá oilte ar mhéideanna ollmhóra téacs ó leabhair, suíomhanna gréasáin, agus comhráite ar líne.

Gineann botaí comhrá téacs mar a bheadh duine ann trí cheann de na chéad fhocail eile is dóchúla ó thaobh staidrimh de i seicheamh a thuar bunaithe ar phatrúin ó na billiún sampla/sonraí.

Tá botaí comhrá ar fáil ar chuid mhór ardáin dhigiteacha a úsáidimid gach lá anois, áirítear le samplaí coitianta de bhotaí comhrá ChatGPT, Snapchat MyAI, Copilot, Gemini, Meta AI. Úsáideann cuid mhór comhlachtaí botaí comhrá le haghaidh seirbhísí a thacaíonn le custaiméirí amhail comhlachtaí gutháin, suíomhanna gréasáin siopadóireachta, srl.

Bain úsáid as Analach chun cabhrú leat míniú an dóigh a "scríobhann" sé: Tá sé cosúil leis an gcnaipe Uathcheartaithe nó uastéacs ar ghuthán is cumhachtaí ar domhan ach ar scála ollmhór.

---




**Am:** 7 nóiméad

**Script: Cad is Botaí Comhrá IS ann agus Conas a Oibríonn Siad?**
**Féach:** [Cad is botaí comhrá IS ann? | BBC Ideas](https://www.youtube.com/watch?v=kmDQQzOpHRo&t=83s) ar fáil le féachaint ar an suíomh gréasáin seo: https://www.youtube.com/watch?v=kmDQQzOpHRo&t=83s

**Bain úsáid as Páipéar Nóiméad Amháin agus Beirteanna Breactha Nótaí:** Iarr ar scoláirí scríobh faoin méid a sheas amach faoi bhotaí comhrá san fhíseán le haghaidh nóiméid. Tar éis féachaint air, cuireann scoláirí nótaí i gcomparáid lena bpáirtithe agus cuireann siad aon fhíric nua leis a d'fhoghlaim siad óna chéile.

**An príomhrud atá le foghlaim:** Pléann IS le faisnéis (patrúin sonraí), ní phléann sí le heolas ná tuiscint.

# Script Iar-Bhunscoile Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte


## Script




**Am:** 3 nóiméad

**Script: Buntáistí agus Rioscaí a Bhaineann le Botaí Comhrá**
**Tobsmaointeoireacht:** *Cad é an rud is ansa leat (buntáistí) agus an imní is mó atá agat (rioscaí) maidir le botaí comhrá?*

Iarr ar scoláirí seisiún tobsmaointeoireachta a bheith acu ar na buntáistí agus na rioscaí a bhaineann le botaí comhrá i ngrúpaí de 3. Cuir aiseolas i dtoll a chéile ar an gclár bán.





**Am:** 2 nóiméad

**Script: Buntáistí a bhaineann le Botaí Comhrá**
**Téigh tríd na buntáistí a bhaineann le botaí comhrá a liostaítear ar an sleamhnán seo.**
**Tairbhí:**

- **Tacú leis an bhfoghlaim:** Is féidir léi ábhair chasta a mhíniú ar bhealach níos simplí.
- **Tobsmaointeoireacht:** Smaointe scéalta, nó inspioráid dearaidh a spreagadh.
- **Foghlaim Teanga:** Teangacha nua a chleachtadh m.sh. is féidir leat iarraidh uirthi a bheith i do pháirtí comhrá Fraincise.
- **Níl aon bhreithiúnas ann agus foghlaimíonn tú ar do luas féin:** Is féidir leat ceisteanna a chur chomh minic agus is mian leat agus ní thabharfar breithiúnas ort.
- **Inrochtaineacht:** Tacaíocht do scoláirí a bhfuil riachtanais ar leith acu.

# Script Iar-Bhunscoile Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte





**Am:** 5 nóiméad

**Script: Rioscaí a bhaineann le Botaí Comhrá**
**Téigh tríd na rioscaí a bhaineann le botaí comhrá a liostaítear ar an sleamhnán seo.**

- **Mífhaisnéis:** Is féidir le hIntleacht Shaorga Ghiniúnach **"siabhránú"** nó rudaí a chumadh. Is féidir léi fíricí, foinsí nó sleachta contráilte nó as dáta a thabhairt duit. Ní roghnaíonn sí an focal is dóchúla ó thaobh staidrimh de i gcónaí, áfach; is féidir léi roghnú ó shraith d'fhocail dhóchúla a mbeadh ciall acu de réir mar a ghineann an téacs. Is é sin an fáth a bhfuil sí tarraingteach le húsáid - níl freagairtí docht agus róbatach; athraíonn siad gach uair, tá siad daonna agus cruthaitheach. Ach is féidir léi dul sa fhraoch freisin, agus is féidir leis an bpróiseas a bheith míchruinn agus lán de dheargbhréaga ach dealróidh sí muiníneach agus ábhartha agus réadúil fós!
- **Claonadh/Éagóir** – Foghlaimíonn IS Giniúnach ó fhaisnéis a chruthaíonn daoine, mar sin, in amanna deir sí smaointe éagothroma nó leataobhacha arís, rud a neartaíonn steiréitíopaí. Má tá na sonraí sin gnéasaíoch, ciníoch, nó éagothrom i gcoitinne, beidh freagraí IS amhlaidh. Má tá go leor samplaí de thuairimí, steiréitíopaí, míthuiscintí, nó creidimh pholaitiúla sa téacs ar a oileadh í, d'fheadfadh claonadh a bheith aici orthu siúd.
- **Príobháideacht:** I bhformhór cásanna, is féidir le gach rud a deir tú a úsáid chun samhlacha IS na todhchaí a oiliúint - ná roinn faisnéis phearsanta, ná íogair , le bota comhrá poiblí. *Conas a dhéanann na comhlachtaí seo ár bhfaisnéis phearsanta a bhailiú, a stóráil agus a úsáid? Cé chomh compordach agus a bheifeá leis an bhfaisnéis a chuireann tú ar líne á roinnt, á taispeáint d'úsáideoir amach anseo, nó á úsáid chun críocha fógraíochta nó chun do thuairim a athrú?*
- **Maoin Intleachtúil:** Is minic gur tháinig na sonraí nó faisnéis amhail saothair ealaíne, scríbhinní agus ceol a úsáidtear chun IS Giniúnach a oiliúint ó dhaoine san fhíorshaol gan cead a fháil uathu.
- **Cumhacht agus Tionchar:** Tá formhór na n-uirlisí don IS giniúnach ag grúpa beaga comhlachtaí teicneolaíochta an-saibhir bunaithe sna Stáit Aonraithe, rud a thugann an-chumhacht agus an-smacht ar cad a fheicimid agus conas a dheartar agus a oiltear na huirlisí seo.
- **Ró-Roinnt*:*** Níl mórán difear idir a bheith ag labhairt le hIS Giniúnach agus le duine san fhíorshaol – fiú dlúthchara – agus d'fhéadfá an iomarca faisnéise pearsanta a roinnt dá bharr sin.

# Script Iar-Bhunscoile Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte




**Ar lean...**

- **Róspleáchas:** Má dhéanann IS Giniúnach an obair an fad, caillimid an deis chun smaoineamh muid féin agus a bheith cruthaitheach. Léiríonn staidéir eolaíocha a rinneadh le déanaí in ollscoileanna móra amhail MIT go soiléir go bhfuil tionchar as cuimse ag spleáchas ar IS Giniúnach ar ár gcognaíocht – bíonn sé níos deacra dúinn foghlaim agus eolas a phróiseáil agus bíonn neart deacrachtaí againn nuair nach bhfuil na huirlisí sin ar fáil. Foinse: Kosmyna, N. et al. (2025) '*Your Brain on ChatGPT: Accumulation of Cognitive Debt when Using an AI Assistant for Essay Writing Task*', 10 Meitheamh. Ar fáil ag: https://arxiv.org/abs/2506.08872 (Arna rochtain: 19/11/2025).
- **Ionramháil mhothúchánach agus spleáchas:** D'fhéadfadh go n-aontóidh botaí comhrá IS le gach a ndeir úsáideoir, fiú má tá sé míchruinn nó contúirteach, agus d'fhéadfadh droch-chomhairle nó treisiú drochsmaointe teacht chun cinn dá bharr sin. Úsáideann IS Straitéis "Tá...agus?", a thugann ceist eile nó céim eile chun leanúint ar aghaidh leis an gcomhrá. Is féidir leis seo smaointe contúirteacha nó míchruinne a neartú, agus is comhairle chontúirteach í seo d'úsáideoirí leochaileacha go háirithe. Tá riosca ann freisin go bhféadfadh duine a bheith róspleách ar IS le haghaidh tacaíocht mhothúchánach nó idirghníomhacha sóisialta, amhail í a úsáid chun teachtaireachtaí pearsanta a scríobh nó a bheith ag brath ar chun déileáil le huaigneas.
- **Tionchar Timpeallachta:** Úsáidtear méideanna ollmhóra fuinnimh agus uisce chun IS Giniúnach a oiliúint agus a rith. Deir saineolaithe ar fud an domhain go bhféadfadh córais IS sé huaire níos mó uisce a úsáid ná an Danmhairg, rud a scriosann an dul chun cinn a rinneamar go dtí seo sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide. Is iad na héilimh leictreachais IS an chúis is mó leis na hionaid sonraí mhéadaithe in Éirinn - tá an-iarracht á déanamh againn chun aistriú go fuinneamh gréine agus fuinneamh gaoithe, ach tá ídiú fuinnimh IS ag dul chun cinn níos tapa agus caithfimid níos mó breoslaí iontaise a úsáid dá bharr sin, in ainneoin an dul chun cinn a rinneamar go dtí seo.

# Script Iar-Bhunscoile Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte

**Am:** 2 nóiméad




**Script: Sainphlé Oscailte: Duine nó Bota Comhrá: Cé a Roghnófá?**
Pléigh an cheist seo i ngrúpaí beaga, (triúr nó ceathrar i ngach grúpa):
*Má bhí imní ort faoi scrúduithe, cad é an difear idir cúnamh a lorg ó bhota comhrá IS agus labhairt le cara nó múinteoir?*
Roghnaigh duine amháin ón ngrúpa chun na príomhsmaointe a roinnt**.**
Pléann na grúpaí é seo le haghaidh 2 nóiméad agus breacann siad síos a bpríomhphointí.




Dírigh an plé ar na nithe seo a leanas:
- Cad is féidir leis an mbota comhrá a dhéanamh go maith sa chás seo?
- Cad is féidir le duine iontaofa (cara nó múinteoirí) a dhéanamh nach féidir le bota comhrá IS?
- Cad iad na fadhbanna a bhaineann le bota comhrá IS a roghnú in áit carad?
- Cad a tharlaíonn nuair nach bhfuil an freagra ar eolas ag an mbota comhrá? An mbeidh a fhios agat?
- An féidir le bota comhrá comhthéacs nó mothúchán a thuiscint ar an mbealach céanna a thuigeann daoine?

---




**Am:** 5 nóiméad

**Script: Sainphlé Oscailte: Duine nó Bota Comhrá: Cé a Roghnófá?**
Cuir cathaoireacha in dhá chiorcal – ciorcal beag laistigh (an t-iasc) agus ciorcal níos mó lasmuigh (an babhla).

Suíonn scoláire amháin ó gach grúpa sa chiorcal laistigh agus roinneann an scoláire sin smaointe an ghrúpa os ard.
- Ní féidir ach an duine sa chiorcal laistigh labhairt ar dtús.
- Déanann scoláire amháin taifead ar na príomhphointí ar an gclár nó ar smeach-chairt.

Éisteann scoláirí sa chiorcal lasmuigh go cúramach leis an duine sin. Más mian leo cur leis nó rud éigin a cheartú, buaileann siad an cainteoir go héadrom ar an ngualainn chun áit a mhalartú leis an duine sin.






**Ar lean...**

Cuir deireadh leis an sainphlé oscailte trí iarraidh ar scoláirí achoimre a dhéanamh ar na príomhphointí a phléigh siad. Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas chun cabhrú leis na scoláirí achoimre a dhéanamh ar phríomhléargais. Tá freagraí samplacha ar fáil idir lúibíní:

- Cad is féidir leis an mbota comhrá a dhéanamh go maith sa chás seo? *(m.sh. faisnéis thapa, ar fáil 24/7, breithiúnas ar bith, cabhraíonn sé le tobsmaointeoireacht nó tugann sé mínithe)*
- Cad is féidir le duine iontaofa (cara nó múinteoirí) a dhéanamh nach féidir le bota comhrá IS? *(m.sh. fíorchomhbhá agus fíorthuiscint, comhairle chaolchúiseach bunaithe ar aithne a bheith acu ort, freagracht, fíorchúram agus fíorthacaíocht)*
- Cad iad na fadhbanna a bhaineann le bota comhrá IS a roghnú in áit carad? *(m.sh. príobháideachas sonraí, tionchar timpeallacht, comhairle chontúirteach nó chlaonta, spleáchas mór ar IS a fhorbairt in áit daoine - is féidir leis seo tú a aonrú níos mó agus d'fhéadfá cairdeas a chailleadh)*
- Cad a tharlaíonn nuair nach bhfuil an freagra ar eolas ag an mbota comhrá? An mbeidh a fhios agat? *(m.sh. d'fhéadfadh sé rud éigin a chumadh nó "siabhránú" gan stró, níl sé soiléir nuair nach bhfuil sé cinnte, is deacair an difear a fheiceáil gan seiceáil fíricí a dhéanamh, d'fhéadfadh sé tú a chur ar strae, srl.)*
- An féidir le bota comhrá comhthéacs nó mothúchán a thuiscint ar an mbealach céanna a thuigeann daoine? *(m.sh. ní féidir, déanann sé aithris ar mhothúcháin trí phatrúin a úsáid ach ní mhothaíonn sé rud ar bith, is féidir leis míléamh a dhéanamh ar thon nó ar chás, ní thuigeann sé leideanna béil, níl an-tuiscint aige ar chaidrimh, stair, agus dinimic phearsanta, srl.)*

# Script Iar-Bhunscoile Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte




**Am:** 7 nóiméad

**Script: Duine nó Bota Comhrá: Cé a Roghnófá?**
Mínigh go bhfuil botaí comhrá an-mhaith chun freagraí tapa a fháil, ach nach dtuigeann siad mothúcháin nó na deacrachtaí atá agat. Tá roinnt mhaith samplaí ina dtugann botaí comhrá faisnéis bhréagach, droch-chomhairle, agus ní dheartar iad don fheidhm seo. Mar shampla:

Fuarthas i staidéar gur chum botaí comhrá riochtaí sláinte arís agus arís eile go muiníneach, agus mhínigh bota amháin galar bréagach tar éis don téarma bréagach a chur isteach sa leid. Léiríonn sé seo gur féidir leo botúin a dhéanamh nó droch-chomhairle a thabhairt mar tá siad oilte chun idirghníomhú a spreagadh.
Foinse: Mount Sinai (2025) '*AI Chatbots Can Run With Medical Misinformation, Study Finds, Highlighting the Need for Stronger Safeguards*'. Ar fáil ag: https://www.mountsinai.org/about/newsroom/2025/ai-chatbots-can-run-with-medical-misinformation-study-finds-highlighting-the-need-for-stronger-safeguards (Arna rochtain: 28/10/2025).

Tá eolas agus scileanna ag daoine tar éis blianta d'eispéireas agus d'fhoghlaim, tuigeann siad dinimic caidrimh, comhthéacs, mothúcháin, agus iarmhairtí. Tá iontaoibh, cúram, agus comhbhá ag teastáil ó fhíorchaidrimh, agus ní féidir ach daoine iad seo a thabhairt.

Cuir béim ar an tábhacht a bhaineann le cúnamh a lorg ó dhaoine fásta iontaofa agus dúshlán romhat agus labhair faoi fhadhbanna seachas a bheith ag brath ar uirlisí IS.

# Script Iar-Bhunscoile Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte




**Am:** 10 nóiméad

**Script: Sábháilte, Cliste & i gCeannas: Cód um Úsáid IS a Chruthú**
I ngrúpaí de 3, tabhair réimse difriúil do gach grúpa a phlé (m.sh. spreagadh sábháilte agus éifeachtach, smaointeoireacht chriticiúil, srl.) agus iarr orthu 3-4 leid a chruthú dá réimse maidir le botaí comhrá a úsáid go sábháilte.

Déan athbhreithniú ar leideanna agus roghnaigh 2 leid le roinnt ó gach réimse ina gcód.
Seo a leanas roinnt comhairle/leideanna samplacha a d'fhéadfadh a áireamh i ngach réimse den Chód um Shábháilteacht Botaí Comhrá:
**Teicnicí Spreagtha Sábháilte agus Éifeachtacha:**

- Bain úsáid as leideanna soiléire, sonracha a insíonn don bhota comhrá an ról atá acu. Mar shampla, "Is saineolaí peata cairdiúil thú. Taispeáin dom conas is féidir liom míniú do dhuine atá 12 bhliain d'aois trí chúis gur peataí iontacha iad madraí, ar bhealach spraíúil, i stíl tharraingteach agus teanga shimplí a úsáid.
- Cosain faisnéis phearsanta nó íogair fút féin nó faoi dhaoine eile trí roghnú gan í a roinnt le bota comhrá.

**Smaointeoireacht Chriticiúil & Seiceáil Fíricí a Dhéanamh ar Aschuir le haghaidh Mífhaisnéise & Claonta:**

- Déan seiceáil fíricí i gcónaí le foinsí iontaofa (suíomhanna nuachta, múinteoirí, suíomhanna gréasáin iontaofa).
- Is féidir le hIntleacht Shaorga siabhránú agus fíricí agus foinsí contráilte a chumadh gan stró.
- Is féidir le ceisteanna eile a chur cabhrú le d'eolas a fhorbairt nó an freagra a fuair tú a thástáil. Ná bíodh eagla ort d'amhras a chur in iúl: "An bhfuil tú cinnte go bhfuil an ceart agat?", "Ní chreidim é sin", "An féidir leat roinnt foinsí a thabhairt dom a léiríonn go bhfuil sin fíor?". Fiú ansin, is féidir le hIntleacht Shaorga siabhránú agus beidh sí ag iarraidh foinsí a thabhairt nach bhfuil ceart/cruinn.

**Ar lean...**

**Príobháideachas a Chosaint & Ró-Roinnt:**

- D'fhéadfadh go stórálfar do chomhráite nó go n-úsáidfear iad chun samhlacha IS amach anseo a oiliúint.
- Iarr ort féin i gcónaí an mbeifeá sásta dá dtaispeánfadh an uirlis an méid atá á roinnt agat le duine eile.
- Seachain saincheisteanna pearsanta, deacrachtaí meabhairshláinte, nó coimhlintí a roinnt le bota comhrá. Ina áit sin, lorg comhairle ó fhoinsí/dhaoine iontaofa, m.sh. tuismitheoir, múinteoir, comhairleoir, Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí, Líne Chabhrach na Leanaí, srl.

**Teorainn Úsáide & Róspleáchas :**


- Úsáid IS mar uirlis tacaíochta, ní in ionad do chuid smaointeoireachta, oibre, nó cruthaitheachta. Is trí fhoghlaim, forbairt agus féinfheabhsú a bhímid faoi rath mar dhaoine– ná caill é sin de bharr IS!
- Cuir teorainneacha ama i bhfeidhm d'úsáid botaí comhrá nó uirlisí IS.
- Bí san airdeall ar chlaonadh, míchruinneas, nó éagóir féideartha i bhfreagraí na mbotaí comhrá.

**Cúnamh a Lorg: cúnamh daonna do shaincheisteanna mothúchánacha/tromchúiseacha:**

- Úsáid IS le haghaidh eolas ginearálta, ní comhairle mhothúchánach nó meabhairshláinte.
- Ná déan dearmad nach féidir le hIS tú a "thuiscint"; ní dheartar í le bheith comhbhách, ach le cur in iúl go bhfuil sí.
- Labhair le duine fásta iontaofa (múinteoir, tuismitheoir, comhairleoir) má mhothaíonn tú trína chéile, buartha, nó i mbaol.

**Tionchar Timpeallachta:**

- Bí san airdeall ar an tionchar timpeallachta atá ag úsáid IS agus cosaint timpeallachta níos fearr agus úsáid fuinnimh freagrach a éileamh ó chomhlachtaí IS.
- Ná déan dearmad go n-úsáideann botaí comhrá IS méideanna ollmhóra leictreachais agus acmhainní gan ghá.




**Am:** 2 nóiméad

**Script:**

Iarr ar scoláirí machnamh a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim siad agus conas a úsáidfidh siad é seo agus IS á húsáid acu; *Cén leid shábháilteachta a úsáidfidh tú an chéad uair eile a labhraíonn tú le hIS?*

Iarr ar scoláirí machnamh a dhéanamh ina n-aonar ar dtús, agus ansin roinn le páirtí.

# Script Iar-Bhunscoile Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte




**Am:** 1 nóiméad

**Script: Bí Feasach ar IS: Sábháilte, Cliste agus i gCeannas**

Déan achoimre ar an méid a pléadh agus a foghlaimíodh le linn na cainte inniu le scoláirí. Ar Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte, d'fhoghlaim tú an méid seo a leanas:

- Conas tuiscint a fháil ar bhotaí comhrá agus an dóigh a n-oibríonn siad.
- Conas na rioscaí agus na buntáistí a bhaineann le botaí comhrá a úsáid a aithint.
- Conas gnéithe a bhaineann le dearadh bota comhrá agus na srianta a bhaineann le hidirghníomhú leis na huirlisí sin a phlé.
- Straitéisí a fhorbairt chun uirlisí IS a úsáid go sábháilte agus go freagrach.




**Am:** 1 nóiméad

**Script: Tacaí do Thuismitheoirí**
Chruthaigh Webwise Treoir don IS Giniúnach do Thuismitheoirí, atá ar fáil anseo: webwise.ie/guides-parents/

Tabhair cóip de seo do thuismitheoirí.

**Nótaí don Mhúinteoir:** Tarraing aird ar an Treoir don IS Giniúnach do Thuismitheoirí do thuismitheoirí/chaomhnóirí trí chóipeanna den leabhrán a thabhairt amach agus é a roinnt ar shuíomh gréasáin na scoile, agus ar chainéil faisnéise. Is féidir rochtain a fháil ar an treoir go digiteach trí webwise.ie/parents

# Go raibh maith agaibh

Cuirtear an obair seo ar fáil faoi théarmaí Creative Commons Attribution Non-Commercial ShareAlike: https://creativecommons.org/licenses/by-nc-sa/4.0/. Is féidir leat an t-ábhar seo a úsáid agus a athúsáid (ach gan íomhánna agus lógónna a áireamh) saor in aisce i bhformáid nó meán ar bith, chun críocha neamhthráchtála amháin.

CC BY-NC-SA 4.0

Co-funded by the European Union

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

DCU
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Dublin City University